Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**13126/24**

**AGRI 628**
**AGRILEG 380**
**AGRIFIN 93**
**AGRISTR 57**
**AGRIORG 114**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Breithniú ar an dara bliain de chur chun feidhme phleananna straitéiseacha CBT<br>*- Faisnéis ón Uachtaránacht*<br>*- Seisiún tuairimíochta* |

Mar ullmhúchán don chruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 23 Meán Fómhair 2024, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, nóta ón Uachtaránacht faoin ábhar thuasluaite.

**Breithniú ar an dara bliain de chur chun feidhme phleananna straitéiseacha CBT**

Tá an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus na Pleananna Straitéiseacha, san fhoirm a bhfuil siad faoi láthair, á gcur chun feidhme ón 1 Eanáir 2023 i leith. Tháinig Plean Straitéiseach CBT chun bheith ina uirlis phleanála aonair lárnach chun dearadh agus pleanáil a dhéanamh i leith sheachadadh na dtacaíochtaí d'fheirmeoirí agus do cheantair thuaithe agus is sa phlean sin a fhaightear loighic idirghabhála na naoi gcuspóir shonracha agus aon chuspóir trasearnála amháin. Is iad na Pleananna Straitéiseacha na príomhuirlisí chun CBT a sheachadadh idir 2023 agus 2027.

De réir mar a tháinig tréimhse chlársceidealaithe CBT isteach sa dara bliain, tá eolas agus taithí luachmhar phraiticiúil bailithe ag na Ballstáit maidir le cur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT.

Faoi Uachtaránacht na Spáinne, le linn Chomhairle AGRIFISH a tionóladh an 10 agus an 11 Nollaig 2023, bhí seisiún tuairimíochta ag na hairí maidir leis an gcéad bhliain de chur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT. Ó bhí deireadh na bliana seo caite ann, baineadh amach garspriocanna suntasacha den chlárthréimhse nua.

- Rinneadh rialuithe agus tugadh formhór na n-íocaíochtaí díreacha agus na leithdháiltí forbartha tuaithe, idir limistéarbhunaithe agus ainmhíbhunaithe, do na tairbhithe deiridh.
- Thosaigh comhlachtaí deimhniúcháin a ról feabhsaithe a imirt chun oiriúnacht chórais caiteachais agus rialachais CBT a áirithiú.
- Fuair na Ballstáit taithí tríd an gcéad Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht a chur isteach agus a chaibidil.
- Nuair a bhí an tréimhse céimnithe isteach in 2023 istigh, d'éirigh an Córas Faireacháin Limistéir lánfheidhmiúil, ar córas é lena gcumhdaítear gach idirghabháil limistéarbhunaithe d'fhonn cabhrú le feirmeoirí a n-éilimh a cheartú, agus cuidiú le Gníomhaireachtaí Íocaíochta freisin agus gníomhaíochtaí rialaithe á ndéanamh acu.

Ina theannta sin, le linn an chéad leath de 2024, mar thoradh ar agóidí forleathana feirmeoirí san Aontas, leasaíodh bunrialacha áirithe de CBT athchóirithe. Rannchuidíonn na rialacha leasaithe leis an ualach riaracháin a laghdú, ualach a bhí ar fheirmeoirí agus ar na comhlachtaí riaracháin atá freagrach as rialuithe. I gcomhar leis na Ballstáit, ghlac an Coimisiún Eorpach le heilimintí lena ndéantar cúrsaí a shimpliú a thuilleadh, e.g. an nós imeachta maidir le modhnú na bPleananna Straitéiseacha CBT a chuíchóiriú.

D'eagraigh Uachtaránacht na hUngáire cruinniú de na stiúrthóirí CBT idir an 10ú agus an 12ú Meán Fómhair i mBúdaipeist agus in Kecskemét. Ba é príomhthéama an chruinnithe sin simpliú a dhéanamh ar CBT agus cur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT, agus fócas ar leith á leagan ar an gcóras faireacháin agus meastóireachta. Le linn an chruinnithe neamhfhoirmiúil, leag ionadaithe na mBallstát béim ar na dúshláin agus ar an taithí a fuarthas le linn an chéad dá bhliain de chur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT. Chuir na rannpháirtithe i dtreis, i measc nithe eile, nach mór dlús a chur le modhnú na bPleananna Straitéiseacha agus an modhnú sin a dhéanamh níos solúbtha; deireadh a chur leis an lamháltas nialasach i gcásanna ina n-imítear ó na spriocluachanna a leagtar síos sna pleananna agus laghdú a dhéanamh na hoibleagáidí tuairiscithe agus mínithe.

Tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht plé a eagrú a chuideoidh le sainaithint na ngnéithe sin ar gá iad a choigeartú nó a mhodhnú chun feidhmíocht na bpleananna straitéiseacha CBT a fheabhsú. Creideann an Uachtaránacht gur féidir le seisiún tuairimíochta ionchur agus léargais thairbheacha a chur ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach. Cuirfear toradh an phlé sin san áireamh sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta feirmeoirdhírithe tar éis 2027.

***

I bhfianaise an mhéid thuas, molann Uachtaránacht na hUngáire go dtabharfaí faoi sheisiún tuairimíochta maidir leis na mórdhúshláin a bhaineann le cur chun feidhme an dara bliain de Phleananna Straitéiseacha CBT d'fhonn feabhsuithe féideartha a shainaithint maidir leis na rialacha don tréimhse tar éis 2027 bunaithe ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na gnéithe den tSamhail Nua Seachadta ba dhúshlánaí do na húdaráis náisiúnta agus an tsamhail sin á cur chun feidhme acu sa dara bliain den chlárthréimhse, úsáid teicneolaíochtaí nua sa chóras rialaithe san áireamh? Cén tionchar a bhí ag an tsamhail nua ar uainiú na n-íocaíochtaí le tairbhithe deiridh?

2. I bhfianaise na taithí a fuarthas le linn an chéad dá bhliain den chur chun feidhme, cad iad na gnéithe den chreat atá ann faoi láthair nach mór iad a mhodhnú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin cur chun feidhme?